C/2025/1604

10.3.2025

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11897 – GROHE / VKB / SURU)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2025/1604)

1. An 25 Feabhra 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Grohe Holding GmbH ('GROHE', an Ghearmáin), faoi rialú LIXIL Corporation (an tSeapáin),

— Versicherungskammer Bayern Versicherungsanstalt des öffentlichen Rechts ('VKB', an Ghearmáin),

— SenseGuard GmbH ('SURU', an Ghearmáin), atá faoi rialú GROHE faoi láthair.

Gheobhaidh GROHE agus VKB rialú comhpháirteach ar SURU de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn GROHE réitigh seomra folctha agus feistis cistine,

— Is gnóthas árachais é VKB agus tairgeann sé punann leathan de chineálacha árachais, árachas maoine san áireamh.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais SURU: soláthraíonn SURU teicneolaíochtaí agus seirbhísí chun díobháil ó uisce buacaire a bhaineann le píobánra a chosc.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11897 – GROHE / VKB / SURU

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË